Coimisiún na Meán

# Freagra ar Chomhairliúchán: Dréachtchóid agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán le haghaidh Seirbhísí Craolacháin (Céim 2)

Dáta foilsithe: Iúil 2025

Sa cháipéis seo tá an freagra ar chomhairliúchán i dtaobh aighneachtaí a fuarthas mar chuid d'athbhreithniú Chéim 2 ar na Cóid agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán a bhaineann leis an gCraolachán.

# Clár Ábhar


**1. Achoimre Fheidhmeach 3**

**2. Réamhrá 6**

2.1. Comhairliúchán Poiblí 6

2.2. Cuspóir an Fhreagra ar Chomhairliúchán 9

**3. Na Céimeanna atá Romhainn 10**

**4. Achoimre ar Aighneachtaí 16**

4.1 Clúdach ar chúrsaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil 16

4.2 Clúdach ar chúrsaí a bhaineann le hathrú aeráide, eolaíocht agus sláinte 17

4.3 Clúdach ar nuacht agus cúrsaí reatha le linn toghchán agus reifreann 18

4.4 Clúdach ar chúrsaí a bhaineann le cripte-airgeadra agus táirgí agus seirbhísí airgeadais gaolmhara 19

4.5 Clúdach ar cheisteanna a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh ar Tháirgí ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra (HFSS)? 19

4.6 Clúdach ar nithe a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí alcóil agus táirgí a fhógraítear mar táirgí le cion 0.0% d'alcóil / táirgí neamh-mheisciúla 21

4.7 Clúdach ar cheisteanna a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh ar bhainne foirmle do naíonáin, lena n-áirítear foirmle leantach 22

4.8 Cosaint a thugtar do rannphháirtithe i gcláir 23

4.9 Cur chun feidhme na gCód agus Rialacha Craoltóireachta 25

4.10 Fógraíocht, urraíocht agus suíomh táirgí 25

4.11 Cothromaíocht agus comhionannas bréagach i dtuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha 26

4.12 Aon phointí nó leasuithe eile 26

# 1. Achoimre Fheidhmeach

Ar an 4 Meán Fómhair 2024, d'fhoilsigh Coimisiún na Meán ("**An Coimisiún**") dréachtleaganacha leasaithe de na Cóid agus Rialacha Craolacháin ("**na Dréachtchóid & Rialacha**"), chomh maith le Cáipéis Chomhairliúcháin, mar chuid dá thionscnamh chun a rialacháin a nuashonrú.

Maidir le cur i gcrích phróiseas chomhairliúcháin Chéim 1, d'fhoilsigh an Coimisiún Cóid agus Rialacha Craolacháin leasaithe ar an 5 Nollaig 2024. Tugadh faoin dara céim den chomhairliúchán poiblí ('Céim 2') agus sa chéim sin cuireadh fáilte roimh aighneachtaí suas leis an 30 Samhain 2024 (a síníodh go dtí an 20 Nollaig 2024 ina dhiaidh sin) i dtaobh saincheisteanna níos leithne a bhain le rialáil na craoltóireachta, rud a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi leasuithe amach anseo ar na rialacháin. Sa cháipéis seo tugtar achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas agus leagtar amach na céimeanna a ghlacfaidh an Coimisiún de bhun a athbhreithnithe ar na haighneachtaí seo.

**Forbhreathnú ar aighneachtaí Chéim 2 a fuarthas de réir ábhair:**

| Freagra | Ábhar |
|---|---|
| Níos mó ná 10 bhfreagra | • Táirgí ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra<br>• Bainne foirmle do naíonáin, lena n-áirítear foirmle leantach |
| 6 – 10 bhfreagra | • Fógraíocht na dtáirgí alcóil agus na dtáirgí a fhógraítear mar tháirgí 0.0% alcóil / neamh-mheisciúla<br>• Cosaint a chuirtear ar fáil do rannpháirtithe i gclársceidealú<br>• Cur chun feidhme na gCód agus Rialacha Craolacháin |
| 5 fhreagra nó níos lú | • Inbhuanaitheacht Comhshaoil<br>• Criptea-airgeadra agus táirgí agus seirbhísí airgeadais gaolmhara<br>• Fógraíocht, urraíocht agus suíomh táirgí<br>• Athrú aeráide, eolaíocht, agus sláinte<br>• Nuacht agus cúrsaí reatha le linn toghchán agus reifreann<br>• Cothromaíocht agus coibhéis bhréagach i dtuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha |

<u>**Achoimre ar na príomhcheisteanna a ardaíodh i gCéim 2 den chomhairliúchán**</u>

**Táirgí ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra (HFSS)**

- Lorg ionadaithe na hearnála sláinte cosc ar gach cumarsáid tráchtála a shíltear a bheith ina HFSS thar na meáin chraolta agus ar éileamh ó 5:30a.m. go dtí an 9:00p.m., chomh maith le síneadh fhorálacha agus cosaintí na rialachán go dtí an timpeallacht ar líne. Tugadh reachtaíocht na Ríochta Aontaithe mar eiseamláir is féidir a leanúint.

- Lorg an tionscal nach ndéanfaí aon leasuithe ar na rialacha reatha agus mhol siad go ndéanfadh an Coimisiún measúnú tionchair a ionchorprú in aon leasuithe amach anseo ar shainmhínithe agus úsáid grúpálacha aoise.

**Bainne foirmle do naíonáin, lena n-áirítear foirmle leantach**

- D'éiligh roinnt freagróirí go leathnófaí na srianta atá i bhfeidhm ar mhargaíocht bainne foirmle do naíonáin ionas go gclúdófaí gach Bainne Foirmle Tráchtála (**"CMF"**), lena gcuimsítear gach cineál ionadach bainne cíche, do pháistí suas le 36 mí agus/nó cosc iomlán de bharr na gcosúlachtaí le lógónna agus brandáil bainne foirmle do naíonáin agus foirmle leantaí. Bhí éileamh freisin ar rialú margaíochta digití do tháirgí bainne foirmle do naíonáin.

- Dar leis an tionscal go bhfuil an creat reachtúil atá i bhfeidhm in Éirinn agus san AE faoi láthair sásúil. Bhí éileamh ar Chóid agus Rialacha Craolacháin an Choimisiúin a chur chun cinn tuilleadh le béim a leagan ar oibleagáidí ábhartha craoltóirí agus brandaí.

**Fógraíocht na dtáirgí alcóil agus na dtáirgí a fhógraítear mar tháirgí 0.0% alcóil / neamh-mheisciúla**

- D'éiligh ionadaithe na hearnála sláinte agus roinnt ionadaithe ón tsochaí shibhialta go mbeadh fógraí na dtáirgí a fhógraítear mar tháirgí 0.0% alcóil agus a úsáideann brandáil na dtáirgeoirí alcóil faoi réir na srianta céanna a mbíonn fógraí alcóil faoina réir. Luadh go mbaintear úsáid as an gcur chuige seo san Iorua.

- Dar leis an tionscal go bhfuil infhaighteacht mhéadaithe roghanna neamh-mheisciúla ag géarú na treochta i dtreo measarthachta, agus nár chóir don Choimisiún riachtanais nua a chruthú a d'fhéadfadh a bheith frithráiteach agus a d'fhéadfadh bac a chur ar an dul chun cinn seo.

**Cosaint a chuirtear ar fáil do rannpháirtithe i gclársceidealú**

- Tugadh le fios go n-oibríonn an Coimisiún i gcomhar le craoltóirí maidir le beartais sa réimse seo a fhorbairt, agus ag an am céanna moladh in aighneachtaí eile gur cheart go mbeadh ar chraoltóirí a gcuid beartas agus nósanna imeachta maidir le cosaint rannpháirtithe a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin agus oiliúint riachtanach foirne a chur i bhfeidhm.

- In aighneacht eile, cuireadh i gcoinne breis idirghabhála rialála i gcearta príobháideachais agus rannpháirtithe, agus leagadh béim ar an ngá le cothromaíocht a fháil idir cosaintí agus neamhspleáchas eagarthóireachta.

**Cur chun feidhme na gCód agus Rialacha Craolacháin**

- Bhí éileamh ar bhreis soiléire agus neartaithe maidir leis na riachtanais rialála, agus tugadh le fios go dtiocfadh feabhas ar chomhlíonadh i measc craoltóirí dá ndéanfaí cuíchóiriú ar na Cóid agus Rialacha agus ar aon ábhar treorach gaolmhar.

- Mhol roinnt rannpháirtithe go ndéanfaí painéal comhairleach a bhunú le hionchur leanúnach ó réimse leathan páirtithe leasmhara a chinntiú i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú na gCód agus Rialacha Craolacháin.

- Ina theannta sin, moladh cás-staidéir agus tuarascálacha ar chomhlíonadh a fhoilsiú mar bhealach le samplaí praiticiúla den dea-chleachtas agus de sháruithe rialála a chur ar fáil do chraoltóirí.

- Moladh i roinnt aighneachtaí freisin gur cheart don Choimisiún iniúchadh a dhéanamh ar úsáid tograí oiliúna do chraoltóirí chun feasacht a ardú maidir le hoibleagáidí rialála.

**Lorgaíodh treoir bhreise maidir le:**

- Fógraíochtaí ó phearsantachtaí mór le rá spóirt (i gcomhthéacs bianna HFSS).

- Riachtanais maidir le foirmle do naíonáin agus foirmle leantach.

- Rannpháirtithe leochaileacha a shainaithint, na céimeanna is gá glacadh lena gcosaint, an próiseas le toiliú feasach a fháil, agus conas aistarraingt toilithe a éascú.

- Iompar a bhféadfaí cur síos a dhéanamh ar mar “thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil”.

- Cur chun feidhme phrionsabal na coibhéise bréagaí (i gcomhthéacs an chlúdaigh a bhaineann le hathrú aeráide, eolaíocht, agus sláinte). Moladh Ceisteanna Coitianta a chruthú le cabhrú le hiriseoirí i dtuairisciú aeráide agus clár litearthachta aeráide a bhunú d’iriseoirí.

- Sainmhínithe ar neamhchlaontacht, go háirithe i gcomhthéacs craoltóirí a chlúdaíonn gluaiseachtaí polaitiúla atá ag teacht chun cinn nó feachtais aoncheiste, agus lena chinntiú go ndéantar páirtithe polaitíochta níos lú agus iarrthóirí neamhspleácha a chlúdach go cuí.

- Léirmhíniú ar cheanglais tuairiscithe toghcheantar agus ar na critéir roghnúcháin do chláir díospóireachtaí iarrthóirí agus ceannairí.

- Riachtanais rialála agus trédhearcachta i dtaobh táirgí agus seirbhísí nua criptea-airgeadra agus airgeadais.

- Tugadh le fios go raibh treoirnóta Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le táirgí neamh-mheisciúla éifeachtach.

**Aon phointí nó leasuithe eile**

- Moladh go ndéanfaí raon feidhme na gCód agus na Rialacha a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha cumarsáide tráchtála atá ag teacht chun cinn, amhail margaíocht tionchaire agus ábhar brandáilte, agus a chinntiú go bhfuil siad faoi réir na gceanglas trédhearcachta agus cruinnis céanna agus atá an fhógraíocht thraidisiúnta.

- Moladh i roinnt aighneachtaí go gcuirfear le córais mhonatóireachta agus forfheidhmithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht maidir le hiniúchtaí ar chomhlíonadh na gCód agus Rialacha i measc craoltóirí.

- Moladh freisin go ndéanfaí athbhreithnithe thréimhsiúla ar na Cóid agus Rialacha Craolacháin lena chinntiú go bhfanann siad freagrúil ar chleachtais meán agus ionchas lucht féachana athraitheacha.

# 2. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán ("**an Coimisiún**") an comhlacht poiblí in Éirinn atá freagrach as tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialú. I measc a chuid freagrachtaí tá:

- Maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú earnáil na meán níos leithne in Éirinn agus tacú léi.
- Maoirseacht a dhéanamh ar rialáil seirbhísí craolacháin agus físeáin ar éileamh.
- Creat Sábháilteachta ar Líne Choimisiún na Meán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Bunaíodh an Coimisiún i mí an Mhárta 2023 faoin Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022, lenar leasaíodh an tAcht Craolacháin 2009 ("**an tAcht**"). Síneadh a dhualgais agus oibleagáidí ina dhiaidh sin chun foráil a dhéanamh don Acht um Sheirbhísí Digiteacha agus do na Rialacháin um Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne.

Ar cheann de phríomhdhualgais an Choimisiúin faoin Acht tá **cóid maidir le seirbhísí meán**[1] agus **rialacha maidir le seirbhísí meán**[2] a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

## 2.1. Comhairliúchán Poiblí

Ar an 4 Meán Fómhair 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún dréachtleaganacha leasaithe de na Cóid agus Rialacha Craolacháin ("**na Dréachtchóid & Rialacha**"), chomh maith le Cáipéis Chomhairliúcháin, mar chuid dá thionscnamh chun na rialacháin a nuashonrú.

Chuir an Coimisiún tús le comhairliúchán poiblí maidir leis na Dréachtchóid agus Rialacha agus tugadh cuireadh don phobal agus do pháirtithe leasmhara ábhartha aighneachtaí a chur ar fáil i dtaobh na rialachán beartaithe. Bhí dhá chéim faoi leith i gceist leis an gcomhairliúchán poiblí:

- I gCéim 1 cuireadh fáilte roimh aighneachtaí suas go dtí an 3 Deireadh Fómhair 2024 agus díríodh sa chéim seo ar athruithe a beartaíodh faoi na Dréachtchóid agus Rialacha. Ba é príomhchuspóir Chéim 1 ná éifeacht a thabhairt d'oibleagáidí na hÉireann mar bhall den Aontas Eorpach, go háirithe trí Threoir AE 2018/1808, lenar nuasonraíodh An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("**Treoir SMCA**") a ionchorprú sa dlí náisiúnta. Maidir le cur i gcrích phróiseas chomhairliúcháin Chéim 1, d'fhoilsigh an Coimisiún Cóid agus Rialacha Craolacháin leasaithe ar an 5 Nollaig 2024.

- Le Céim 2 den chomhairliúchán poiblí cuireadh fáilte roimh aighneachtaí suas leis an 30 Samhain 2024 (a síníodh go dtí an 20 Nollaig 2024 ina dhiaidh sin) i dtaobh saincheisteanna níos leithne a bhain le rialáil na craoltóireachta, rud a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi leasuithe amach anseo.

---

[1] Is é an Coimisiún a dhéanann na **Cóid maidir le Seirbhísí Meán** faoi Alt 46N den Acht. Deartar cóid den chineál seo go ginearálta chun freastal ar ábhar na gclár nó na gcumarsáidí tráchtála, lena chinntiú go gcloíonn an t-ábhar ar fad a chuirtear ar fáil ar an tseirbhís leis na caighdeáin bhunaithe.

[2] Baineann **Rialacha maidir le Seirbhísí Meán** le cur i láthair agus gnéithe struchtúrtha na seirbhíse atá á cur ar fáil, ag clúdach cúrsaí ar nós inrochtaineacht na seirbhíse a chur chun cinn i measc bhaill uile an phobail. Is é an Coimisiún a dhéanann seo faoi Alt 46O den Acht.

Is leis na haighneachtaí a leagadh isteach le linn Chéim 2 den phróiseas comhairliúcháin agus ábhar imní faoi na leasuithe beartaithe ar na Cóid agus Rialacha Craolacháin i dtaobh na nithe seo a leanas amháin a phléitear sa cháipéis Freagra ar Chomhairliúchán seo:

(i) Rialacha Rochtana do Chraoltóirí Teilifíse
(ii) An Cód agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán – Fógraíocht, Teilishiopadóireacht, Sláine Comhartha agus Faisnéis
(iii) An Cód agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán – Fógraíocht do Chraoltóirí Raidió
(iv) Cód na bPáistí maidir le Cumarsáid Tráchtála
(v) An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha
(vi) An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála
(vii) An Cód Caighdeán Clár
(viii) Tuairisciú Gearr Nuachta

### 2.1.1 Ceist Chomhairliúcháin Chéim 2

Lorg Comhairliúchán Chéim 2 tuairimí maidir le 12 cheist. Mar bhonn eolais faoi 11 den 12 cheist bhí torthaí na nAthbhreithnithe Reachtúla ar Chóid agus Rialacha Craolacháin ar thug Údarás Craolacháin na hÉireann, an réamhtheachtaí rialála a bhí ann roimh Choimisiún na Meán, fúthu. Seo a leanas na ceisteanna ar lorgaíodh aighneachtaí ina dtaobh le linn Chéim 2 den Athbhreithniú: -

**Ceist 1:** An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun aghaidh a thabhairt ar cheist na hinbhuanaitheachta comhshaoil, go háirithe i réimse na cumarsáide tráchtála agus thuairisciú na nuachta agus cúrsaí reatha?

**Ceist 2:** An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun an neamhchlaontacht, an cruinneas, agus an tuairisciú fíorasach a chur chun cinn, go háirithe i dtuairisciú na gcúrsaí a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an eolaíocht, agus leis an tsláinte?

**Ceist 3** – An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le tuairisciú na nuachta agus cúrsaí reatha le linn na dtoghchán agus na reifreann, seachas an moratóir (a bhfuiltear ag díriú air i bpróiseas athbhreithnithe eile faoi láthair)?[3]

**Ceist 4** – An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun an criptea-airgeadra agus táirgí agus seirbhísí airgeadais a bhaineann leis a chur san áireamh?

**Ceist 5** – An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le fógraíocht na dtáirgí ina bhfuil go leor Saille, Salainn, nó Siúcra?

[3] Féach Preaseisiúint dár dáta 1 Samhain 2024 ó www.cnam.ie: Cuireann Coimisiún na Meán deireadh leis an moratóir craolacháin le haghaidh clúdach toghcháin

**Ceist 6** – An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le fógraíocht na dtáirgí alcóil agus na dtáirgí a fhógraítear mar tháirgí 0.0% alcóil / neamh-mheisciúla?

**Ceist 7** – An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le fógraíocht an bhainne foirmle do naíonáin, foirmle leantach san áireamh?

**Ceist 8** – An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun feabhas a chur ar an gcosaint a thugtar do rannpháirtithe sa chlársceidealú, sa chás go bhfuil baol díobhála ann i ndiaidh an chraolta? D'fhéadfadh rialacha feabhsaithe maidir leis an bpríobháideachas, leis an aitheantas agus leis an toiliú a bheith i gceist le bearta dá leithéid sin, a bhaineann le rannpháirtithe na gclár.

**Ceist 9** – An bhfuil aon bheart ann ar cheart don Choimisiún tabhairt faoi, dar leat, chun feabhas a chur ar thacú le cur chun feidhme na gCód agus Rialacha Craolacháin? D'fhéadfadh daingniú agus / nó simpliú na rialachán, tograí rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara, nó foilsiú na cáipéisíochta treorach breise a bheith i gceist le bearta dá leithéid sin.

**Ceist 10** – An gceapann tú go bhfuil an t-idirdhealú reatha idir an fhógraíocht, an urraíocht agus suíomh táirgí sách soiléir sna Cóid agus Rialacha Craolacháin? Mura bhfuil, an bhfuil aon rud breise le cur le/aon rud le hathrú dar leat, chun an scéal a dhéanamh níos soiléire?

**Ceist 11** – An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craolacháin nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun aghaidh a thabhairt ar cheist na cothromaíochta agus an chomhionannais bhréagaigh i dtuairisciú na nuachta agus na gcúrsaí reatha?

**Ceist 12** – An bhfuil aon rud breise le cur le Cóid agus Rialacha Craolacháin an Choimisiúin nó aon rud le hathrú fúthu, dar leat?

### 2.1.2 Liosta de Fhreagróirí ar an gComhairliúchán

Ar an iomlán fuair an Coimisiún **35** aighneacht mar fhreagra ar an gcomhairliúchán ó na daoine/eagraíochtaí seo a leanas: -

- Údarás na gCaighdeán Fógraíochta
- Alcohol Action Ireland
- Cumann Lucht Fógraíochta in Éirinn
- Cumann na Sainchomhairleoirí Lachta in Éirinn
- Bauer Media
- Baby Feeding Law Group Ireland
- Breastival
- Conradh na Gaeilge
- Tionscal Déiríochta Éireann
- Danone
- An Roinn Sláinte

- Deochanna Éireann
- Bia Deochanna Éireann
- Cairde an Chothaithe Chíche

- FSS:
  - Grúpa Sláinte & Folláine
  - Grúpa Meáchan Sláintiúil do Leanaí
  - Sláinte Leanaí Sláinte an Phobail Náisiúnta
  - National Intersectoral Working Group
  - Regional Integrated Infant Feeding Committee
  - Mary McFeely
- Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann
- Foras Croí na hÉireann
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Nestlé
- Eintitis Phríobháideacha:
  - An Dr Aoife Long

  - An Dr Julie Smith, Ollamh Comhlach Oinigh, Scoil Bheartais Phoiblí Crawford, Ollscoil Náisiúnta na hAstráile

  - An Dr Liz O'Sullivan, Léachtóir le Cothú, Cathaoirleach ar an gClár Baitsiléir Eolaíochta sa Chothú Sláinte Poiblí, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Purpose Disruptors
- RTÉ
- Biaslán
- An Seanadóir Alice-Marie Higgins
- TG4
- CÉINAL (Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí)
- Virgin Media
- Onic (Wireless Ireland roimhe seo)

Is féidir cóipeanna de na haighneachtaí ar fad a fuarthas, chomh maith le hachoimre orthu, a fheiceáil ar leathanach foilseachán shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.cnam.ie.

## 2.2. Cuspóir an Fhreagra ar Chomhairliúchán

I gcomhréir le Treoirlínte Comhairliúcháin an Choimisiúin a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023, tá an freagra ar chomhairliúchán á fhoilsiú ag an gCoimisiún tar éis an phróisis comhairliúcháin a chur i gcrích.

Is é is cuspóir leis an bhFreagra ar Chomhairliúchán ná na príomhcheisteanna a tháinig chun cinn sna haighneachtaí a fuarthas mar chuid de Chéim 2 den chomhairliúchán poiblí a leagan amach, agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar bhreithnigh an Coimisiún na ceisteanna seo i gcomhthéacs athbhreithniú ar bith ar an rialacháin amach anseo a chinneadh.

# 3. Na Céimeanna atá Romhainn

Tá breithniú cúramach déanta againn ar gach aighneacht a fuarthas thar roinnt comhairliúchán poiblí. Áirítear leis seo aiseolas ó na comhairliúcháin tosaigh a seoladh i mí Iúil 2024 ar Dhréachtchóid agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán (Seirbhís Meán Closamhairc ar Éileamh) agus na Rialacha Rochtana do Chraoltóirí Teilifíse, chomh maith le Comhairliúchán Mheán Fómhair ar Chéim 1 de na Cóid agus Rialacha Craolacháin leasaithe. Thugamar aird freisin ar thorthaí na n-athbhreithnithe reachtúla ar thug Údarás Craolacháin na hÉireann fúthu ó 2020-2023.

Tá an Coimisiún tiomanta do chur chuige straitéiseach agus fianaisebhunaithe a ghlacadh i leith na rialála. Ar an 22 Aibreán 2025, d'fhoilsíomar ár Ráiteas Straitéise 2025 – 2027 chun ár ngníomhartha sa todhchaí a mhúnlú agus chun creat soiléir a bhunú dár gcur chuige rialála. Rinneadh na haighneachtaí comhairliúcháin ar fad a mheas mar chuid den chreat straitéiseach seo.

Tarraingíodh aird ar réimse leathan ceisteanna le linn ár gcomhairliúchán ar na Cóid agus Rialacha Craolacháin. I gcás go leor de na ceisteanna seo, beidh gá tabhairt faoin bhfreagra rialála a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i gcomhréir le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí rialála eile (mar shampla, Banc Ceannais na hÉireann i dtaca le criptea-airgeadra, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i dtaca le halcól, agus Údarás na gCaighdeán Fógraíochta i dtaca le trédhearcacht na cumarsáide tráchtála ar líne).

Déanfar athruithe amach anseo ar ár rialacháin chraolacháin a chur chun cinn mar chuid de na gníomhartha agus gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu mar chuid dár Ráiteas Straitéise. Déanfar an obair atá le cur i gcrích a ailíniú leis na sé phríomhchuspóir straitéiseacha a áirítear i Ráiteas Straitéise an Choimisiúin, is iad sin: -

i) **Leanaí**
- Tírdhreach meán a sheasann le cearta, folláine agus forbairt páistí, agus a thacaíonn lena rannphairteachas sábháilte le hábhar.

ii) **Daonlathas**
- Tírdhreach meán a bheith ann a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, atá mar bhonn faoin dioscúrsa sibhialta agus a laghdaíonn tionchar na bréagaisnéise.

iii) **Iontaoibh**
- Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as, agus ina bhfuil cosaint acu ar dhúshaothrú agus ar chalaois.

iv) **Cultúr agus Meáin na hÉireann**
- Tírdhreach meán atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannphairteach, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn ár bhféiniúlacht mar shochaí.

v) **Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht**
- Tírdhreach meán a chuireann luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta chun cinn.

vi) **Sábháilteacht an Phobail (lena n-áirítear Sláinte an Phobail)**

- Tírdhreach meán a neartaíonn sláinte agus sábháilteacht an phobail.

I ndiaidh an phróisis comhairliúcháin, tá raon réimsí beartas agus ceisteanna atá le hiniúchadh, an chaoi a bhfuil siad sin ailínithe lenár sé phríomhchuspóir straitéiseacha, agus na cóid agus rialacha a bhfuil tionchar orthu, sainaitheanta againn. Cé gur ar an gcraolachán atá an cháipéis seo dírithe, tá roinnt de na ceisteanna seo ábhartha freisin i gcás seirbhísí ar éileamh agus ardán comhroinnte físeán, agus déanfar iad sin a mheas astu féin. Is iad seo a leanas na réimsí, ceisteanna agus ailíniú:

| Réimse Beartais | Ceisteanna atá le hIniúchadh | Ailíniú Straitéiseach & Cód nó Riail |
|---|---|---|
| **Tuairisciú maidir le hInbhuanaitheacht Comhshaoil, Athrú Aeráide, Eolaíocht agus Sláinte** | • Maíomh timpeallachta agus inbhuanaitheachta i gcumarsáid tráchtála.<br>• Tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha a bhaineann le ceisteanna comhshaoil, lena n-áirítear an t-athrú aeráide.<br>• Treoir maidir le “hiompar atá thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil”.<br>• Tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha a bhaineann le ceisteanna comhshaoil agus sláinte (vacsaíní srl.), lena n-áirítear tuairisciú eolaíochtbhunaithe. | **Iontaoibh:** Obair i dtreo tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as.<br><br>**Daonlathas:** Tacú le luachanna daonlathais trí thuairisciú cruinn.<br><br>**Cultúr agus Meáin na hÉireann:** Tacú le tírdhreach meán atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirteach, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn ár bhféiniúlacht mar shochaí.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála agus an Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha. |
| **Clúdach Toghchán agus Reifreann** | • Clúdach Toghchán agus Reifreann.<br>• Ceanglais tuairiscithe toghcheantar.<br>• Critéir do dhíospóireachtaí (lena n-áirítear díospóireachtaí na gceannairí).<br>• Ábhar dochrach le linn clúdach toghcháin, lena n-áirítear ábhar atá gránna, colúil agus leithchealach. | **Daonlathas:** Tacú leis an daonlathas trí dhioscúrsa neamhchlaonta sibhialta.<br><br>**Cultúr agus Meáin na hÉireann:** Tacú le tírdhreach meán atá inbhuanaithe, |

| | | |
|---|---|---|
| | • Cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn cód reachtúil do chlúdach toghchán agus reifreann a mheas. | iolraíoch agus rannpháirteach, a léiríonn agus a mhúnlaíonn ár bhféiniúlacht mar shochaí.<br><br>**Iontaoibh:** Muinín a thógáil i gclúdach toghchán.<br><br>**Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht:** Cur chun cinn luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha (lena n-áirítear Treoirlínte maidir le Clúdach Toghcháin agus Reifreann) agus Cód an BAI um Chaighdeáin Chlár. |
| **Criptea-airgeadra** | • Criptea-airgeadra agus táirgí agus fógraíocht airgeadais gaolmhara. | **Iontaoibh:** Tomhaltóirí a chosaint ó dhúshaothrú féideartha.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála. |
| **Fógraíocht dírithe ar leanaí, go háirithe táirgí ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra**<br><br>**Cód do Leanaí** | • Táirgí HFSS (sainmhíniú ar phróifíl chothaitheach).<br>• Rialachán le linn 'amanna féachana teaghlaigh' (6pm-9pm).<br>• Feidhmiú 'tairseach a naoi' le táirgí den sórt sin a chur chun cinn.<br><br>• Sainmhíniú ar 'Cláir do Leanaí', lena n-áirítear céatadán na leanaí i gcomparáid leis an líon iarbhír leanaí atá ag breathnú nó ag éisteacht. | **Leanaí**: Tá laghdú ar neamhchosaint leanaí d'ábhar agus d'iompar atá díobhálach dóibh.<br><br>**Sábháilteacht an Phobail**: Torthaí sláinte poiblí a neartú.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála agus An |

| | | |
|---|---|---|
| | • An chiall a bhaineann le 'Táirgí a bhfuil spéis ar leith ag leanaí iontu.'<br>• Cumarsáid ina bhfuil ábhar a d'fhéadfadh a bheith ag goilleadh ar dhuine le linn amanna féachana gan mhaoirseacht. | Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí. |
| **Fógraíocht Alcóil** | • Rialáil fógraíochta alcóil i gcomhthéacs Acht Sláinte Poiblí (Alcól).<br>• Táirgí gan alcól agus neamhchosaint leanaí do chumarsáid tráchtála i leith na dtáirgí seo. | **Leanaí**: Tá laghdú ar neamhchosaint leanaí d'ábhar agus d'iompar atá díobhálach dóibh.<br><br>**Sábháilteacht an Phobail**: Torthaí sláinte poiblí a neartú.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála agus An Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí. |
| **Fógraíocht maidir le Bainne Foirmle do Naíonáin agus Foirmle Leantach** | • Éifeachtacht / comhlíontacht na gceanglas agus na srianta reatha maidir le cur chun cinn bainne foirmle do naíonáin agus táirgí foirmle leantaí.<br>• Breithniú ar fhorálacha reachtúla nua maidir le craolachán agus ar éileamh atá leagtha amach in Alt 46N(7) d'Acht 2009 arna leasú. | **Leanaí**: A bheith ag seasamh le folláine leanaí.<br><br>**Sábháilteacht an Phobail**: A bheith ag tacú le torthaí sláinte poiblí.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála agus An Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí. |
| **Rannpháirtithe na gClár a Chosaint** | • Rannpháirtithe na gclár a chosaint.<br>• Bíodh nó ná bíodh gá le ceanglais fheabhsaithe maidir le ham féachana teaghlaigh chun leanaí a chosaint. | **Iontaoibh:** Muinín a chothú in ábhar agus i bpróisis na meán.<br><br>**Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht:** Sábháilteacht a chur chun cinn do na rannpháirtithe uile. |

| | | |
|---|---|---|
| | | **Cóid/Rialacha Iomchuí:** Cód an BAI um Chaighdeáin Chlár. |
| **Fógraíocht, Urraíocht agus Suíomh Táirgí** | • Bíodh nó ná bíodh solúbthacht bhreise indéanta maidir le fógraíocht, urraíocht agus suíomh táirgí i gcomhthéacs reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa agus an gá atá ann lucht féachana a chosaint.<br>• Srianta fógraíochta ar an raidió, lena n-áirítear fógraíocht pholaitiúil.<br>• Steiréitíopáil ar bhonn inscne.<br>• Margaíocht a dhéanamh ar mháinliacht chosmaideach.<br>• Breithniú ar an ualach rialála i gcomhthéacs ina rialaíonn raon leathan comhlachtaí cumarsáid tráchtála. | **Iontaoibh:** Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as a chruthú.<br><br>**Cultúr agus Meáin na hÉireann**: A bheith ag tacú le hearnáil meán inbhuanaithe.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála agus An Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí, Rialacha Fógraíochta don Raidió. |
| **Clúdach Nuachta agus Cúrsaí Reatha** | • Cothroime agus cothromaíocht, lena n-áirítear cothroime a bhaint amach do dhaoine aonair/eagraíochtaí atá faoi réir clúdach agus cothroime i gcás clúdach ábhair.<br>• Rioscaí maidir le comhionannas bréagach/cothromaíocht shaorga a bhainistiú. | **Daonlathas:** Ag éascú dioscúrsa sibhialta.<br><br>**Iontaoibh:** Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as a thógáil.<br><br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha. |
| **Ginearálta** | • Cineálacha cumarsáide tráchtála atá ag teacht chun cinn.<br>• Measúnuithe tionchair eacnamaíocha.<br>• Na Cóid agus na Rialacha Craolacháin a chur in iúl arís agus a neartú chun tacú le cur i bhfeidhm chomh maith le treoir a thabhairt isteach. | **Iontaoibh:** Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as a chruthú.<br><br>**Cultúr agus Meáin na hÉireann**: Earnáil inbhuanaithe agus fhreagrach a chruthú.<br>**Cóid/Rialacha Iomchuí:** Gach cód agus riail chraoltóireachta. |

Mar a leagtar amach thuas, beidh tionchar ag gach ceann de na haighneachtaí a gheofar ar obair an Choimisiúin chun a chinntiú go gcuirfear ár Ráiteas Straitéise i gcrích. Cuirfidh na haighneachtaí bonn eolais níos mó ar fáil don obair atá ar siúl chun na Cóid agus na Rialacha Craolacháin a athdhearbhú agus a neartú agus ábhair threorach a bheidh leo a fhorbairt. I bhfianaise an raon ábhar atá le plé, beidh ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna sin a bhfuil tús áite ag teastáil ina leith.

Ina theannta sin, tá cuid de na topaicí níos casta agus d'fhéadfadh siad a bheith ábhartha ar fud meáin éagsúla (Craoltóireacht, Físeán ar Éileamh, agus Ardáin Chomhroinnte Físeáin) agus dá bharr sin tógfaidh sé am a mheas an bhfuil gá le hidirghabháil rialála agus cén cineál idirghabhála rialála atá ag teastáil.

Maidir le ceist **inrochtaineachta** seirbhísí craolacháin, d'ardaigh rannpháirtithe sa chomhairliúchán poiblí ar na Rialacha Rochtana, a reáchtáladh i mí Iúil 2024, roinnt saincheisteanna tábhachtacha a bhfuil gá le machnamh breise orthu, go háirithe maidir le féidearthacht fho-spriocanna Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, rialacha feabhsaithe tomhais cáilíochta, infhaighteacht acmhainní, agus inrochtaineacht a éascú d'imeachtaí beo. Thug an Coimisiún aitheantas do na haighneachtaí sin ina fhoilseachán Freagra ar an gComhairliúchán (Rialacha Rochtana) agus tá sé beartaithe na pointí sonracha seo a bhreithniú mar chuid d'athbhreithniú amach anseo ar na Rialacha Rochtana.

Táimid buíoch as an rannpháirtíocht fhairsing ó pháirtithe leasmhara i rith an phróisis chomhairliúcháin seo. Bhí na léargais a cuireadh ar fáil thar a bheith luachmhar agus muid ag múnlú na chéad chéimeanna eile inár gcur chuige rialála. De réir mar a théimid ar aghaidh agus machnamh níos doimhne a dhéanamh ar athruithe sna réimsí a sainaithníodh, táimid tiomanta go fóill lena chinntiú go bhfuil treoir agus ionchais shoiléire agus éifeachtacha ag eintitis rialáilte, ag lucht féachana agus ag páirtithe leasmhara ábhartha eile. Leanfaidh ár n-idirphlé leanúnach leis an tionscal agus leis an bpobal de bheith ina bhunús lenár gcur chuige i leith rialála.

Ag féachaint chun cinn, coinneoidh muid próiseas oscailte agus trédhearcach, ag cinntiú go leanfar leis an gcomhoibriú le gach páirtí leasmhar. Reáchtálfar comhairliúcháin amach anseo de réir mar is gá, agus molaimid do pháirtithe leasmhara a choinneáil de bheith rannpháirteach agus muid ag feabhsú agus ag forbairt ár gcreat rialála. Is mór againn an t-aiseolas cuiditheach a fuarthas agus oibreoimid lena chinntiú go leanfaidh na Cóid Chraolacháin de bheith ag léiriú cleachtais meán atá ag athrú agus ionchais an phobail.

# 4. Achoimre ar Aighneachtaí

Déantar achoimre ghinearálta sa chuid seo ar na príomhcheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar gach ceann de na ceisteanna comhairliúcháin atá liostaithe sa Cháipéis Comhairliúcháin mar chuid den athbhreithniú Chéim 2.

Tabhair faoi deara, go bhfuil sé mar aidhm leis an bhforbhreathnú ar na haighneachtaí thíos léargas ginearálta a thabhairt ar na freagraí a fuarthas agus aird a tharraingt ar chuid de na saincheisteanna is suntasaí a ardaíodh. Ní cuntas cuimsitheach é seo ar gach aighneacht nó ábhar imní a cuireadh in iúl.

Go ginearálta, is gá, i dtuairim an Choimisiúin, machnamh breise a dhéanamh ar na saincheisteanna a áirítear sna haighneachtaí a fuarthas. I gcás inarb iomchuí, beidh aon dréacht-thograí rialála a thiocfaidh chun cinn faoi réir tuilleadh comhairliúcháin phoiblí sula dtabharfar isteach iad i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi Acht 2009.

## 4.1 Clúdach ar chúrsaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil

**Ceist Chomhairliúcháin 1:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun aghaidh a thabhairt ar cheist na hinbhuanaitheachta comhshaoil, go háirithe i réimse na cumarsáide tráchtála agus thuairisciú na nuachta agus cúrsaí reatha?***

**Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas**

Maidir leis an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála ("**GCCC**"), moladh i roinnt aighneachtaí nach bhfuil gá le haon bhreiseáin ná leasuithe breise mar fhreagra ar cheist na hinbhuanaitheachta comhshaoil. Moladh gur foinse dhlisteanach fógraíochta aon táirge nó seirbhís atá ar fáil go dleathach sa stát agus iarradh tuilleadh treorach maidir leis an iompar a d'fhéadfaí a mheas mar "iompar atá thar a bheith díobhálach do chosaint an chomhshaoil" i bhfianaise an tsriain ar ábhar den sórt sin i gcód agus i rialacha maidir le seirbhís meán an Choimisiúin.

Moladh in aighneachtaí eile gur cheart srianta a chur ar fhógraíocht do chuideachtaí breosla iontaise agus do chuideachtaí a bhraitheann go mór ar bhreoslaí iontaise, go háirithe i gclársceidealú a bhaineann leis an eolaíocht. Bhí tacaíocht ann do rialáil urraíochta agus suíomh táirgí araon a bhaineann le táirgí breosla iontaise, agus moladh go ndéanfaí scrúdú chun indéantacht rialáil fógraíocht na dtáirgí sin a mheas. D'iarr freagróirí freisin go ndéanfaí machnamh ní hamháin ar thionchar comhshaoil teachtaireachta craolta ach freisin ar an tionchar comhshaoil agus carbóin a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar an teachtaireacht a léiriú agus a chur chun cinn. Moladh gur cheart rabhaidh sláinte a bheith ar fhógraí do tháirgí breosla iontaise.

Maidir le tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha, moladh forálacha a chur san áireamh chun neamhspleáchas eagarthóireachta a spreagadh agus cruinneas a chinntiú i dtuairisciú a bhaineann leis an aeráid ag an am céanna. Moladh i roinnt aighneachtaí gur cheart go mbeadh sé de cheangal ar chraoltóirí urraíocht nó caidrimh airgeadais a nochtadh le tionscail a bhféadfadh leasanna dílsithe a bheith acu i scéalta comhshaoil. Ina theannta sin, moladh treoir a thabhairt isteach i ndáil le hiompar thar a bheith díobhálach a bhaineann

leis an gcomhshaol, mar shampla i ndáil le hionadaithe ó thionscail áirithe a chur i láthair in agallaimh nuachta agus cúrsaí reatha.

## 4.2 Clúdach ar chúrsaí a bhaineann le hathrú aeráide, eolaíocht agus sláinte

**Ceist Chomhairliúcháin 2:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun an neamhchlaontacht, an cruinneas, agus an tuairisciú fíorasach a chur chun cinn, go háirithe i dtuairisciú na gcúrsaí a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an eolaíocht, agus leis an tsláinte?***

**Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra**

Fuarthas roinnt aighneachtaí i ndáil le clúdach ar athrú aeráide, eolaíocht agus topaicí a bhaineann le sláinte i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha.

Lorgaíodh treoir maidir le comhionannas bréagach a bhainistiú,[4] agus moladh in aighneacht eile leasú a dhéanamh ar na Cóid agus na Rialacha chun ligean do láithreoirí ráitis fíorais a dhéanamh bunaithe ar mheasúnuithe ó chomhlachtaí saineolaithe idirnáisiúnta chun mífhaisnéis a cheartú agus cuir ina haghaidh. Moladh in aighneachtaí eile go gcruthódh an Coimisiún feachtas feasachta poiblí chun a shoiléiriú nach bhforchuireann na Cóid agus na Rialacha Craolacháin ceanglas maidir le comhionannas bréagach, go háirithe i dtuairisciú ar chúrsaí eolaíochta. Rinneadh moltaí freisin maidir le sásraí éigeantacha seiceála fíricí a chomhtháthú i bpróisis eagarthóireachta. Moladh go ndéanfadh na Cóid agus na Rialacha oibleagáidí maidir le cruinneas a neartú trína shonrú gur cheart comhthuiscint eolaíoch a léiriú go cuí i gclúdach, go háirithe maidir le hathrú aeráide agus saincheisteanna sláinte poiblí. In aighneacht ar leith, cuireadh i gcoinne leasuithe ar na Cóid agus na Rialacha a thabharfadh aghaidh go sainráite ar inbhuanaitheacht comhshaoil, ar athrú aeráide, ar eolaíocht, nó ar shláinte, ag lua ábhair imní faoi rialáil rófhorleathan in ábhar eagarthóireachta.

Moladh i roinnt aighneachtaí go nglacfadh an Coimisiún cur chuige daingean i leith gearán a bhaineann le teoiricí comhcheilge agus go ndéanfaí an próiseas gearán níos trédhearcaí agus níos inrochtana. Iarraidh athbhreithniú in aighneacht eile ar an mbeartas smachtbhannaí le difríochtaí idir cineálacha éagsúla meán a thabhairt san áireamh, agus abhcóideacht á déanamh ar son cur chuige comhchuibhithe i leith forfheidhmiúcháin.

Ina theannta sin, moladh doiciméadacht chuimsitheach a fhorbairt chun tacú le hiriseoirí i dtuairisciú aeráide, lena n-áirítear trí cheisteanna coitianta a chruthú agus trí chlár litearthachta aeráide a chruthú d'iriseoirí. Mar a luadh sa chuid roimhe seo, moladh leasú ar na Cóid agus na Rialacha chun a cheangal go nochtfaí leasanna airgeadais i dtionscail a bhaineann le breoslaí iontaise i gcás daoine aonair a bhfuil baint acu le cinnteoireacht eagarthóireachta i nuacht agus i gcúrsaí reatha.

---

[4] Mar shampla, nuair a chuirtear clúdach cúrsaí reatha ar scéal i láthair ar bhealach a chuireann dhá thuairim éagsúla i láthair mar thuairimí atá chomh bailí céanna, nuair i bhfírinne tá na fíorais nó an fhianaise ag teacht níos mó le tuairim amháin den dá thuairim a léiríodh.

## 4.3 Clúdach ar nuacht agus cúrsaí reatha le linn toghchán agus reifreann

**Ceist Chomhairliúcháin 3:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le tuairisciú na nuachta agus na gcúrsaí reatha le linn na dtoghchán agus na reifreann, seachas an moratóir.[5] ?***

### 4.3.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra

Fuarthas roinnt aighneachtaí maidir le clúdach toghcháin agus reifrinn a bheachtú.

D'iarr roinnt freagróirí sainmhínithe níos soiléire ar neamhchlaontacht, go háirithe i gcomhthéacs craoltóirí a chlúdaíonn gluaiseachtaí polaitiúla atá ag teacht chun cinn nó feachtais aoncheiste. Moladh treoirlínte in aighneacht amháin lena gcinnteofaí go bhfaigheadh páirtithe polaitíochta níos lú agus iarrthóirí neamhspleácha clúdach comhréireach. Moladh freisin go gcuirfí treoir ar fáil maidir leis an léirmhíniú ar cheanglais tuairiscithe toghcheantar agus ar na critéir roghnúcháin do chláir díospóireachtaí iarrthóirí agus ceannairí. Rinneadh moladh go n-aithneofaí go soiléir seisiúin réamhthaifeadta mar bhealach do stáisiúin a n-oibleagáidí i leith iarrthóirí a chomhlíonadh go cothrom. Maidir le reifrinn, lorgaíodh dearbhú in aighneacht nach bhfuil oibleagáid ar chraoltóirí an t-am craolta céanna a leithdháileadh ar thaobhanna 'Tá' agus 'Níl' i gceist reifrinn, rud a cheadaíonn discréid eagarthóireachta chun cothromaíocht a bhaint amach.

Ina theannta sin, moladh leasuithe chun ráitis ó shaineolaithe a cheadú a cheartaíonn mífhaisnéis, mar a luadh freisin maidir le clúdach ar athrú aeráide, eolaíocht, agus cúrsaí a bhaineann le sláinte. Moladh freisin go mbeadh ar chraoltóirí fíricí a sheiceáil maidir le héilimh pholaitiúla agus idirdhealú soiléir a dhéanamh idir tuairisciú agus tráchtaireacht. Moladh freisin go n-ionchorpródh an Coimisiún tosca comhthéacsúla ábhartha ó Threoirlínte Toghcháin 2024 sna Cóid agus sna Rialacha.

I moladh eile, iarradh leathnú ar bhearta sábháilteachta digiteacha chun a chinntiú go bhfaigheann iriseoirí a chlúdaíonn toghcháin cosaint ar imeaglú agus ciapadh, i gcomhréir leis na coimircí atá i bhfeidhm cheana féin d'iarrthóirí toghcháin. Mhol roinnt freagróirí go ndéanfaí na Cóid agus Rialacha Craolacháin a nuashonrú chun a chinntiú go gcuireann craoltóirí insintí atá á tiomáint ag na meáin shóisialta i gcomhthéacs agus go seachnaíonn siad éilimh mhíthreoracha nó neamhfhíoraithe a thagann ó fhoinsí ar líne a fhormhéadú.

Rinneadh pointe níos ginearálta, agus pointe a tháinig aníos arís agus arís eile, maidir le tacú le craoltóirí agus iad ag cur na gCód agus na Rialacha i bhfeidhm, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin. D'fhéadfaí a áireamh anseo forbairt Ceisteanna Coitianta, foilsiú féilire comhairliúcháin agus taighde, agus rannpháirtíocht rialta a bhunú idir an Coimisiún agus craoltóirí chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm forálacha a bhaineann le toghcháin.

Moladh freisin feachtais feasachta poiblí a fheabhsú leis an bpróiseas gearán a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos inrochtana, ag cinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas faoi na nósanna imeachta agus na coimircí atá i bhfeidhm le haghaidh tuairisciú cothrom agus neamhchlaonta toghcháin. Bhí éilimh ann freisin go

[5] Tráth an chomhairliúcháin, bhí an moratóir faoi réir próisis chomhairliúcháin ar leith. Is féidir torthaí an chomhairliúcháin sin a fháil anseo: - https://www.cnam.ie/ga/foilsionn-coimisiun-na-mean-treoirlinte-nuashonraithe-maidir-le-cludach-craolachain-toghchan-2/

mbeadh trédhearcacht fheabhsaithe i dtuairisciú fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear lipéadú soiléir agus nochtadh foinsí maoinithe d’ábhair feachtasaíochta polaitiúla.

## 4.4 Clúdach ar chúrsaí a bhaineann le cripte-airgeadra agus táirgí agus seirbhísí airgeadais gaolmhara

**Ceist Chomhairliúcháin 4:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun an criptea-airgeadra agus táirgí agus seirbhísí airgeadais a bhaineann leis a chur san áireamh?***

### 4.4.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas

Maidir leis an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála (“**GCCC**”) agus nithe a bhaineann le criptea-airgeadra agus táirgí airgeadais gaolmhara, iarradh in aighneacht amháin treoirlínte breise ina sonraítear ceanglais rialála agus trédhearcachta chun cosaint tomhaltóirí agus oideachas a chinntiú maidir le táirgí nua sa réimse seo. Chuir freagróir eile leasú chun cinn a bhí ag iarraidh fógraí a thoirmeasc a chuireann gníomhaíochtaí airgeadais tuairimeacha chun cinn, lena n-áirítear trádáil cripte-airgeadra (rangaithe le cur chun cinn cearrbhachais). Ina theannta sin, fuarthas moladh chun suíomh gréasáin amháin a chruthú le faisnéis shoiléir faoi tháirgí criptea-airgeadra a d’fhéadfadh gach craoltóir a chur chun cinn.

Moladh in aighneachtaí eile nach raibh aon ghá práinneach le rialáil nua a thabhairt isteach maidir leis na táirgí agus na seirbhísí seo agus léirigh siad leitheadúlacht na gcur chun cinn seo ar líne seachas ar mheáin thraidisiúnta amhail an raidió. Moladh nach raibh sé cabhrach téarmaí agus coinníollacha fada a liostú ag deireadh fógraí airgeadais (agus gur dúbláil a bhí ann ar iarrachtaí eagraíochtaí amhail Banc Ceannais na hÉireann, An Coimisiún agus Údarás na gCaighdeán Fógraíochta).

## 4.5 Clúdach ar cheisteanna a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh ar Tháirgí ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra (HFSS)?

**Ceist Chomhairliúcháin 5:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le fógraíocht na dtáirgí ina bhfuil go leor Saille, Salainn, nó Siúcra?***

### 4.5.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas

Maidir leis an gCód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí (”**CCCC**”), iarraidh i roinnt aighneachtaí go gcuirfear cosc ar gach cumarsáid tráchtála a shíltear a bheith ina HFSS thar na meáin chraolta agus ar éileamh ó 5:30i.n. go dtí 9:00i.n., chomh maith le fhorálacha agus cosaintí na rialachán a shíneadh leis an timpeallacht ar líne. Tugadh reachtaíocht na Ríochta Aontaithe mar eiseamláir is féidir a leanúint. Mhol roinnt freagróirí go raibh gá le cóid éigeantacha maidir le HFSS agus dúirt siad nach leor féinrialáil dheonach.

Moladh nach mbeadh aon fhógraí HFSS ina bhfuil táirgí bia ann ag aon phointe le linn amanna agus clár inarbh fhéidir go mbeadh leanaí faoi réir na dtáirgí. Dúradh i roinnt aighneachtaí gur cheart machnamh a dhéanamh ar líon iarbhír na bpáistí atá ag breathnú ar chláir seachas ar chéatadán na lucht féachana. Moladh go gcuirfí cosc ar fhógraí HFSS le linn clár atá oiriúnach don teaghlach ar nós The Late Late Toy Show.

Moladh freisin gur cheart táirgí mearbhia agus milseán a bheith faoi réir na rialacha margaíochta céanna agus a bhíonn táirgí HFSS.

Fuarthas aighneachtaí freisin ag moladh aistriú i dtreo Mhúnla Próifíl Cothaitheach na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Mhol freagróir eile gur cheart líne a chur leis na Cóid agus na Rialacha á rá gur cheart ‘bianna le hardchion saille, siúcra agus salainn’ a ithe 1-2 uair sa tseachtain ar a mhéad.

Mhol roinnt freagróirí gur cheart córais láidre monatóireachta agus comhlíontachta a bheith ag gabháil le haon athruithe, agus moladh go ndéanfadh an Coimisiún monatóireacht ar neamhchosaint leanaí do dhíobhálacha atá leagtha amach sna Cóid agus sna Rialacha, mar aon le tuarascálacha rialta a fhoilsiú ar sháruithe agus ar na gníomhartha a rinneadh. Moladh freisin feachtais feasachta poiblí a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil an próiseas gearán chomh héasca agus chomh trédhearcach agus is féidir agus go bhfuil an pobal cumasaithe chun páirt iomlán a ghlacadh ina oibriú éifeachtach.

Dúirt roinnt freagróirí go bhfuil an CCCC fós ábhartha agus go soláthraíonn sé cosaint éifeachtach agus leordhóthanach do leanaí agus do dhaoine fásta araon ó neamhchosaint díobhálach d’fhógraíocht táirgí HFSS. Shonraigh freagróir amháin go bhfuarthas i dTuarascáil Reachtúil Údarás Craolacháin na hÉireann go raibh an CCCC reatha éifeachtach agus d’iarr sé go ndéanfaí machnamh ar athruithe ar úsáid na meán le himeacht ama.

Dúirt freagróirí eile go raibh srianta dochta i bhfeidhm cheana féin ar chraoltóirí agus d’iarr siad nach mbeadh aon srianta breise sa réimse sin. Dar leo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis ar an ngréasán agus ar na meáin shóisialta sula dtabharfar aon rialachán nua isteach atá dírithe ar chraoltóirí. Moladh go mbeadh treoirnóta tairbheach maidir leis an méid is féidir agus nach féidir le pearsantachtaí spóirt aitheanta a chur chun cinn.

Moltar go gcuirfí fógraíocht ar fud an tslabhra soláthair bia, éascaíocht tuisceana agus cur i bhfeidhm ag monaróirí agus ag oibreoirí lasmuigh den bhaile agus ag miondíoltóirí san áireamh, in aon athruithe. Dúirt daoine eile nár cheart go ndéanfadh aon athruithe dochar d’iomaíochas craoltóra i dtaca le fógraíocht i gcomparáid le seirbhísí meán eile nach bhfuil feidhm ag na rialacha agus na cóid seo iontu. Dúirt siad go bhféadfadh srianta breise a bheith ina gcúis le cuideachtaí cinneadh a dhéanamh a gcuid gealltanais meán don earnáil chraolacháin a laghdú.

Dúradh i roinnt aighneachtaí gur cheart leanúint den tSamhail Próifílithe Cothaithe 2004/05 (“**NPM**”), a úsáidtear chun táirgí HFSS a shainiú, a úsáid chun críche an CCCC. Moladh go mbeadh gá le comhairliúchán a dhéanamh maidir le húsáid NPM malartach chun tuiscint iomlán a fháil ar impleachtaí athraithe den sórt sin, agus cuireadh an tuairim in iúl go bhféadfadh mearbhall agus ualach rialála méadaithe a bheith mar thoradh ar mhúnla nua a ghlacadh gan buntáistí breise suntasacha a sholáthar.

Moladh go ndéanfadh an Coimisiún measúnú tionchair a ionchorprú in aon leasuithe amach anseo ar shainmhínithe agus úsáid grúpálacha aoise.

## 4.6 Clúdach ar nithe a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí alcóil agus táirgí a fhógraítear mar táirgí le cion 0.0% d'alcóil / táirgí neamh-mheisciúla

**Ceist Chomhairliúcháin 6:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le fógraíocht na dtáirgí alcóil agus na dtáirgí a fhógraítear mar tháirgí 0.0% alcóil / neamh-mheisciúla?***

### 4.6.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas

Maidir leis an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála ("**GCCC**"), dúirt roinnt freagróirí go raibh imní orthu faoi fhógraíocht a dhéanamh ar tháirgí gan alcól ag baint úsáide as an mbranda céanna leis an máistirbhranda alcóil agus neamhchosaint leanaí d'fhógraíocht alcóil dá bharr. Moladh go mbeadh na srianta céanna i bhfeidhm ar fhógraí táirgí neamh-mheisciúla a úsáideann brandáil táirgeoirí alcóil agus atá i bhfeidhm ar fhógraí alcóil. Luadh go mbaintear úsáid as an gcur chuige seo san Iorua. Dúirt freagróirí eile gur cheart cosc soiléir a chur ar shuíomhanna táirgí alcóil agus táirgí neamh-mheisciúla i gcláir chraolta.

Maidir le craoladh imeachtaí spóirt, mhol roinnt freagróirí nach gcraolfaí fógraí alcóil ar pháirceanna imeartha agus ar chláir fógraí timpeall orthu do lucht féachana teilifíse roimh thairseach a naoi. Mhol aighneacht eile gur cheart go mbeadh an táirge ar fáil ag aon imeacht atá urraithe ag cuideachta a fhógraíonn 0.0% alcóil. D'iarr freagróir amháin soiléireacht níos fearr maidir le fógraíocht táirgí neamh-mheisciúla agus mhol nach leor "nialas" nó "0.0%" a chur san áireamh.

Dúirt roinnt freagróirí nach bhfuil na Cóid agus na Rialacha láidir go leor chun leanaí a chosaint agus tugadh le fios, ós rud é gur ionann leanaí agus 23 faoin gcéad den daonra, gur dócha, i gcás imeachtaí tábhachtacha CLG, rugbaí agus peile, go bhfuil siad ag breathnú ag an sciar céanna. Dúirt daoine eile go bhfuil imeachtaí ina mbíonn lógónna brandaí alcóil priontáilte ar an bpáirc imeartha ag cruthú nasc idir alcól agus feidhmíocht choirp fheabhsaithe, agus go bhfuil sárú ann ar GCCC dá bharr sin.

D'iarr roinnt freagróirí go ndéanfaí monatóireacht rialta ar neamhchosaint leanaí do bhrandáil alcóil agus sin a fhoilsiú agus moladh gur cheart don Choimisiún amháin aon bhreithniú a dhéanamh ar fhógraí agus gan é a sheachfhoinsiú d'aon chomhlacht féinrialála.

Maidir leis an GCCC, dúirt roinnt freagróirí nár cheart aon bhreiseáin ná leasuithe breise a dhéanamh ar an gcód craolacháin i leith fógraíocht táirgí alcóil, lena n-áirítear maidir le táirgí 0.0% neamh-mheisciúla. Dúirt siad nach raibh aon ghá le hathruithe breise seachas ailíniú le forálacha an Achta Sláinte Poiblí (Alcól) 2018 ("**PHAA**").

Dúirt freagróirí eile go bhfuil an méadú atá ar infhaighteacht roghanna malartacha neamh-mheisciúla ag brostú an treocht i dtreo na measarthachta, agus nár cheart don Choimisiún riachtanais nua a chruthú a d'fhéadfadh a bheith frithráiteach agus a d'fhéadfadh bac a chur ar an dul chun cinn seo. Luadh figiúirí a léiríonn go bhfuil Éire fós i bhfad faoi bhun mheán an AE de 7 faoin gcéad de sciar foriomlán an mhargaidh beorach i gcás deochanna neamh-mheisciúla, agus margaí níos forbartha ag tuairisciú sciar den mhargadh suas le 14 faoin gcéad de na beoracha go léir a dhíoltar.

Dúradh in aighneacht eile go bhfuil gá le cur chuige comhsheasmhach chun easpa ceangail idir craoladh agus seirbhísí ar líne de chláir chomhchosúla a sheachaint i dtaca le fógraíocht alcóil. Dúirt freagróir amháin go raibh treoirnóta Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le táirgí neamh-mheisciúla éifeachtach.

## 4.7 Clúdach ar cheisteanna a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh ar bhainne foirmle do naíonáin, lena n-áirítear foirmle leantach

**Ceist Chomhairliúcháin 7:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, maidir le fógraíocht a dhéanamh ar bhainne foirmle do naíonáin, foirmle leantach san áireamh?***

### 4.7.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas

Agus tagairt á déanamh don Chód Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála ("**GCCC**"), d'iarr roinnt freagróirí go leathnófaí cosaintí agus srianta atá i bhfeidhm maidir le fógraíocht bainne foirmle do naíonáin chun gach táirge Foirmle Bainne Tráchtála ("**CMF**") a chlúdach, lena n-áirítear gach cineál ionadach bainne cíche, do leanaí suas le 36 mí d'aois agus/nó toirmeasc iomlán mar gheall ar na cosúlachtaí le lógónna agus brandáil bhainne foirmle do naíonáin agus foirmle leantach. Mhol freagróirí eile teorainn 12 mhí.

Dúirt freagróirí nár cheart go gceadófaí le cumarsáid mhargaíochta aon fhógraí ná tras-chur chun cinn táirgí a bhfuil lógónna agus brandáil orthu amhail bainne foirmle do naíonáin, foirmle leantach agus bainne do leanaí óga. Dúirt cuid freagróirí gur cheart go ndéanfadh fógraí a dhearbhú nach bhfuil gá le foirmle leantach do fhormhór na leanaí agus go bhfuil tairbhe fós ag baint le beathú cíche tar éis sé mhí. D'iarr daoine eile cosc a chur ar tháirgí beathaithe foirmle amhail meaisíní ullmhúcháin foirmle, steirileoirí UV agus téitheoirí buidéal.

Maidir le margaíocht dhigiteach, dúirt roinnt freagróirí gur geata chuig éiceachórais dhigiteacha neamhrialáilte é fógraíocht chraolta. Chuir siad an tuairim in iúl go minic go dtreoraíonn feachtais teilifíse agus raidió tuismitheoirí chuig suíomhanna gréasáin nó ardáin meán sóisialta, áit a bhfuil rialacha margaíochta níos laige nó nach bhfuil ann dóibh ar chor ar bith. Shonraigh freagróirí eile go gceadaíonn aipeanna, clubanna leanaí, agus seirbhísí ar líne do fhógróirí faisnéis phearsanta a bhailiú ó thuismitheoirí, rud a chuireann ar a gcumas fógraí agus cur chun cinn spriocdhírithe a sheoladh le haghaidh ionadaigh bainne cíche. D'iarr siad rialacháin níos déine maidir le teaicticí margaíochta digiteacha chun tuismitheoirí leochaileacha a chosaint ar chleachtais mhargaíochta míthreoracha agus ionsaitheacha.

D'iarr freagróirí go gcuirfí srianta ar chumarsáid tráchtála CMF i bhfeidhm ar sheirbhísí craolta teilifíse agus raidió; seirbhísí meán closamhairc ar éileamh; agus ardáin dhigiteacha agus idirghníomhacha a thairgeann ábhar closamhairc atá faoi dhlínse Choimisiún na Meán. D'iarr freagróirí eile go ndéanfaí machnamh ar bhianna comhlántacha tráchtála a áireamh in éineacht le CMF. Moladh freisin go n-ordódh séanadh soiléir i ngach fógra foirmle leis na Cóid agus na Rialacha Craolacháin, ag rá gurb é an beathú cíche an modh beathaithe molta do naíonáin.

Moladh in aighneacht amháin, i gcás nach gcuirfí cosc i bhfeidhm, gur cheart do chuideachtaí CMF lógó agus nasc mychild.ie a chur ar a bhfógraíocht nuair a luann siad beathú cíche chun treoir a thabhairt do

mháithreacha faisnéis neamhchlaonta a sholáthar maidir le beathú naíonán, idir bheathú cíche agus beathú foirmle.

D'iarr freagróirí eile go mbeadh sé de cheangal ar chraoltóirí agus ar sheirbhísí ardáin chomhroinnte físeán le monatóireacht, tuairisciú agus foilsiú a dhéanamh ar na gníomhartha a dhéantar chun comhlíonadh na gCód agus na Rialacha Craolacháin a chinntiú, agus go gcuirfí smachtbhannaí éifeachtacha i bhfeidhm as neamhchomhlíonadh.

Dúirt freagróirí nár cheart suirbhéanna taighde margaidh a cheadú mar fhianaise chun 'uimhir 1' a lua mar mholadh maidir le haon táirge CMF. Dúirt siad freisin gur cheart cosc a chur ar tháirgeoirí foirmle leantach fógraíocht a dhéanamh nó aird a tharraingt ar ainmneacha comhábhar, giorrúcháin nó léaráidí neamhéigeantacha i bhfógraí.

Dúirt freagróirí eile gur cheart cosc a chur ar dhreasachtaí, ar luaíochtaí nó ar sholáthar samplaí saor in aisce laistigh de gach cineál fógraí (ar líne agus craolta), a úsáidtear chun an t-úsáideoir a mhealladh chun clárú leis an suíomh gréasáin/táirge a bhfuil lógónna/brandáil/cosúlachtaí le haon bhainne foirmle nó táirge bainne do leanaí óga air.

Dúirt roinnt freagróirí nach bhfuil aon ghá le breisithe ná leasuithe breise, ag rá go bhfuil creat reachtach na hÉireann agus an AE atá i bhfeidhm oiriúnach. Rinneadh tagairtí do threoirlínte breise deonacha ón tionscal, rud a léiríonn toilteanas dul i mbun oibre leis na húdaráis ábhartha agus comhlíontacht dian a chinntiú gan gá le rialacháin bhreise. Léiríodh in aighneacht amháin go mbíonn cumarsáid tráchtála a bhaineann le bainne foirmle do naíonáin soiléir i gcónaí ina gcumarsáid le tuismitheoirí agus cúramóirí gurb é bainne cíche an fhoinse cothaithe ab fhearr do naíonáin. Rinneadh tagairt bhreise do chúinsí nach bhfuil beathú cíche indéanta nó nár roghnaítear é, gurb iad bainne foirmle an t-aon rogha eile sábháilte, ceart i rith chéad bhliain de shaol an linbh, rud a aithnítear ag cumainn leighis agus treoirlínte ó chomhlachtaí rialála. Dúradh, bíodh is go bhfuil sé ríthábhachtach tacú le beathú cíche agus é a chur chun cinn mar an rogha is fearr do naíonáin nuabheirthe, go bhfuil sé riachtanach freisin foirmle linbh shábháilte, ardchaighdeáin, atá forbartha go heolaíoch a thairiscint, chomh maith le faisnéis agus tacaíocht neamhchlaonta ionas go mbraitheann gach tuismitheoir cumasaithe chun cinntí beathaithe muiníneacha a dhéanamh dá leanaí.

D'iarr freagróirí eile taighde neamhspleách a bheith déanta ar chomhdhéanamh bainne cíche agus na torthaí a bhaineann le beathú cíche chun eolas a thabhairt d'fhorbairt leanúnach táirgí foirmle. I gcás amháin, iarraidh in aighneacht go ndéanfaí doiciméad treorach maidir le beartas maidir le bainne foirmle do naíonáin a ullmhú chun tacú le craoltóirí, chomh maith le cur chun cinn breise a dhéanamh ar na Cóid chun aird a tharraingt ar oibleagáidí ábhartha craoltóirí agus brandaí.

## 4.8 Cosaint a thugtar do rannpháirtithe i gcláir

**Ceist Chomhairliúcháin 8:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid agus Rialacha Craoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun feabhas a chur ar an gcosaint a thugtar do rannpháirtithe sa chlársceidealú, sa chás go bhfuil baol díobhála ann i ndiaidh an chraolta? D'fhéadfadh rialacha feabhsaithe maidir leis an bpríobháideachas, leis an aitheantas agus leis an toiliú a bheith i gceist le bearta dá leithéid sin, a bhaineann le rannpháirtithe na gclár.***

### 4.8.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra

Rinneadh moltaí chun na cosaintí do rannpháirtithe i gcláir a neartú i gcás ina bhfuil priacal díobhála ann tar éis craolta, lena n-áirítear tar éis don chraoladh nó don chlár a bheith foilsithe nó nuair a bhíonn grúpaí leochaileacha cosúil le mionaoisigh, íospartaigh na coireachta agus iriseoirí iniúchta i gceist. Rinneadh moladh chomh maith go gcuirfí sainmhíniú eile in ionad 'duine leochaileach'. Iarradh treoir bhreise i roinnt aighneachtaí maidir le rannpháirtithe leochaileacha a aithint go críochnúil, na céimeanna is gá lena gcosaint, an próiseas chun toiliú feasach a fháil, agus conas toiliú a tharraingt siar a éascú, agus luadh ábhair imní freisin go bhféadfadh forálacha atá ann cheana cur isteach ar chaidrimh chonarthacha idir craoltóirí agus rannpháirtithe.

Leagadh béim i roinnt aighneachtaí ar an ngá atá le haon dualgas cúraim a bheith comhréireach le cineál an rannpháirteachais agus le formáid an chláir, agus moladh ann nár cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáidí ina leith seo ach amháin maidir le craoltóirí teilifíse náisiúnta.

Moladh freisin go n-oibreodh an Coimisiún i gcomhar le craoltóirí chun beartais a fhorbairt sa réimse seo, agus moladh in aighneacht go mbeadh sé de cheangal ar chraoltóirí a mbeartais agus a nósanna imeachta maidir le cosaint rannpháirtithe a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin agus oiliúint éigeantach foirne a chur i bhfeidhm.

Dhírigh aighneacht amháin ar an gceist maidir le leibhéil agus comhthéacsanna éagsúla le haghaidh toiliú feasach: mar shampla, féadfaidh duine toiliú a thabhairt dul faoi agallamh i leith scéil nuachta a tharlóidh ar ghearrfhógra de réir a nádúir. Tá an comhthéacs seo difriúil le duine den phobal ag tabhairt toiliú nuair a iarrtar orthu a bheith mar chuid de vox pop. Tá comhthéacs ríthábhachtach le haghaidh toiliú feasach agus ba cheart rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi chineál beartaithe an chláir agus faoi mhéid a rannpháirteachais. Iarradh tuilleadh treorach maidir le cineál an toilithe fheasaigh agus an leibhéal cúraim chuí is iomchuí do rannpháirtí i bhfianaise an ábhair. Mar sin féin, in aighneacht eile cuireadh i gcoinne tuilleadh idirghabhála rialála i bpríobháideacht agus i gcearta rannpháirtithe, agus béim á leagan ar an ngá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir cosaintí agus neamhspleáchas eagarthóireachta.

Maidir le hábhar díobhálach, rinneadh moladh chun na Cóid agus na Rialacha a leasú chun treoir shoiléir a áireamh maidir leis an dóigh a léirítear modhanna féinmharaithe, ag cinntiú go gcaithfidh údar maith eagarthóireachta a bheith le haon ábhar den sórt sin a bheith tugtha san áireamh.

Áiríodh sna moltaí freisin treoirlínte níos soiléire a thabhairt isteach maidir le húsáid eiticiúil eagarthóireachta agus frámaithe i gcláir fhíriciúla chun léirithe míthreoracha a chosc, mar aon le cearta feabhsaithe do rannpháirtithe ábhar a athbhreithniú agus a cheistiú roimh chraoladh. Ar deireadh, rinneadh moladh chun an sainmhíniú ar "col míchuí" atá i gCód an BAI um Chaighdeáin Chlár a bheachtú agus a chur i bhfeidhm a leathnú chuig gach cineál meán, lena n-áirítear ardáin ar líne.

## 4.9 Cur chun feidhme na gCód agus Rialacha Craoltóireachta

**Ceist Chomhairliúcháin 9:** ***An bhfuil aon bheart ann ar cheart don Choimisiún tabhairt faoi, dar leat, chun feabhas a chur ar thacú le cur chun feidhme na gCód Craoltóireachta? D'fhéadfadh daingniú agus / nó simpliú na rialachán, tograí rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara, nó foilsiú na cáipéisíochta treorach breise a bheith i gceist le bearta dá leithéid sin.***

### 4.9.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra

Dúirt freagróir amháin nár cheart go mbeadh tionscnaimh rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a bheith dírithe róchúng ar na daoine atá á rialáil ach gur cheart go léireodh siad agus go n-áireofaí iontu freisin iad siúd a bhfuil tionchar ag na saincheisteanna atá faoi réir rialála orthu nó a bhfuil saineolas acu sna saincheisteanna sin – mar shampla daoine i bhfách leis an mbeathú cíche, feachtasóirí sláinte poiblí, grúpaí um chearta leanaí etc. Moladh go bhféadfaí na forálacha seo a leagan amach in alt 4 den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála.

D'iarr roinnt aighneachtaí soiléireacht agus daingniú níos fearr ar cheanglais rialála, ag moladh go bhfeabhsódh cuíchóiriú Cód & Rialacha agus ábhar treorach comhlíontacht i measc craoltóirí. Mhol roinnt rannpháirtithe go ndéanfaí painéal comhairleach a bhunú le hionchur leanúnach ó réimse leathan páirtithe leasmhara a chinntiú i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú na gCód agus Rialacha.

Ina theannta sin, moladh foilsiú cás-staidéar agus tuarascálacha ar chomhlíontacht mar bhealach le samplaí praiticiúla den dea-chleachtas agus de sháruithe rialála a chur ar fáil do chraoltóirí. Moladh i roinnt aighneachtaí freisin go ndéanfadh an Coimisiún iniúchadh ar úsáid tionscnamh oiliúna do chraoltóirí chun feasacht ar oibleagáidí rialála a fheabhsú, mar a luadh freisin faoi cheisteanna comhairliúcháin ábhartha ar thopaicí sonracha.

## 4.10 Fógraíocht, urraíocht agus suíomh táirgí

**Ceist Chomhairliúcháin 10:** ***An gceapann tú go bhfuil an t-idirdhealú reatha idir an fhógraíocht, an urraíocht agus suíomh táirgí sách soiléir sna Cóid agus Rialacha Craoltóireachta? Mura bhfuil, an bhfuil aon rud breise le cur leis nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun an scéal a dhéanamh níos soiléire?***

### 4.10.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas

Dúirt freagróir amháin go bhfuil idirdhealú soiléir ann idir urraíocht agus suíomh táirgí.

Dúirt roinnt freagróirí gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta cosmaideacha, agus freisin maidir le hinfhaighteacht táirgí CBD agus a gcur chun cinn.

Dúirt freagróirí eile go bhfuil na hidirdhealaithe reatha soiléir go leor d'éisteoirí raidió ach chuir siad leis agus dúirt go mbeadh fáilte roimh dheiseanna tráchtála breise agus maolú sa réimse seo, i bhfianaise na mbrúnna atá roimh an earnáil. Mhol siad don Choimisiún teachtaireachtaí tráchtála comhtháite a cheadú i gcraoltaí raidió beo, in éineacht le ceanglais thrédhearcachta iomchuí, chomh maith le suíomh táirgí, i gcás ina n-aithnítear go sonrach agus go soiléir é sin, ar an raidió, mar atá ar mheáin eile.

Dúradh in aighneacht amháin nach bhfuil ciall a thuilleadh leis an srian ar fhógraíocht pholaitiúil ar an raidió i bhfianaise úsáid fhorleathan na meán sóisialta ag iarrthóirí chomh maith le meáin eile. Dúirt siad go bhfuil an polasaí seo éagórach ó thaobh tráchtála de agus go bhfuil sé i gcoinne an choincheap maidir le meáin ilchineálacha.

Dúirt freagróirí eile nár cheart na rialacha maidir le hurraíocht a mhaolú chun níos mó gníomhaíochta tráchtála a cheadú, go háirithe an cosc ar lógónna urraíochta a bhaint agus cláir do pháistí ar siúl. Maidir le craoltóireacht raidió, mhol siad don Choimisiún gan díolúine a cheadú do chláir raidió ón gceanglas urraíocht a dheighilt ó chlársceidealú.

## 4.11 Cothromaíocht agus comhionannas bréagach i dtuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha

**Ceist Chomhairliúcháin 11:** ***An bhfuil aon rud breise le cur leis na Cóid Chraoltóireachta nó aon rud le hathrú fúthu dar leat, chun aghaidh a thabhairt ar cheist na cothromaíochta agus an chomhionannais bhréagaigh i dtuairisciú na nuachta agus na gcúrsaí reatha?***

### 4.11.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra

Phléigh líon beag aighneachtaí a fuarthas le saincheisteanna a bhain le cothromaíocht agus le comhionannas bréagach i dtuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha, thar na moltaí a pléadh cheana féin i rannóga 4.2 agus 4.3.

Mhol freagróir amháin go ndéanfadh na Cóid agus na Rialacha idirdhealú soiléir idir cothromaíocht agus neamhchlaontacht, ag cinntiú go dtabharfadh cinntí eagarthóireachta tús áite do chruinneas fíorasach thar chomhréir shaorga idir dearcthaí. Mhol aighneachtaí eile gur cheart go mbeadh sé de cheangal ar chraoltóirí dintiúir agus cleamhnachtaí rannpháirtithe ar saineolaithe iad a nochtadh chun trédhearcacht i dtuairisciú nuachta a fheabhsú. Ar deireadh, moladh freisin go neartófaí sásraí le haghaidh gearán maidir le cothromaíocht mhíthreorach.

## 4.12 Aon phointí nó leasuithe eile

**Ceist Chomhairliúcháin 12:** ***An bhfuil aon rud breise le cur le cóid agus rialacha craoltóireachta an Choimisiúin nó le hathrú fúthu, dar leat?***

### 4.12.1 Forbhreathnú ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra

Mhol roinnt páirtithe leasmhara raon feidhme na gCód agus na Rialacha a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha cumarsáide tráchtála atá ag teacht chun cinn, amhail margaíocht tionchaire agus ábhar brandáilte, agus a chinntiú go bhfuil siad faoi réir na gceanglas trédhearcachta agus cruinnis céanna agus atá i bhfógraíocht thraidisiúnta. Dúirt freagróir eile, sula dtabharfar aon rialachán eagarthóireachta nó tráchtála breise isteach, gur cheart don Choimisiún measúnuithe tionchair eacnamaíocha a dhéanamh, chun tuiscint a fháil ar an tionchar airgeadais a bheadh ag aon rialacháin nó beartais nua atá beartaithe ar an raon páirtithe leasmhara a rialaíonn sé.

Dúirt freagróirí eile gur cheart craoltóirí a spreagadh chun dul i dteagmháil le hÚdarás na gCaighdeán Fógraíochta ("**ASA**") mar bheart comhlántach do cheanglais an Chóid Ghinearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála agus an Chóid maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí, chun córas feabhsaithe de chosaint lucht féachana a éascú. Mhol siad gur cheart go ndéanfadh an dá Chód tagairt do chórais láimhseála gearán an ASA agus do chórais líonra Chomhghuaillíocht Eorpach um Chaighdeáin Fógraíochta.

Ar deireadh, moladh i roinnt aighneachtaí go gcuirfí le córais mhonatóireachta agus forfheidhmithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht maidir le hiniúchtaí ar chomhlíonadh na gCód agus Rialacha i measc craoltóirí. Dúradh in aighneacht amháin gur cheart gearáin a cheadú i nGaeilge agus thagair sí don toirmeasc faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an AE ar idirdhealú a dhéanamh ar bhonn teanga.

Rinneadh moltaí freisin maidir le hathbhreithnithe tréimhsiúla ar na Cóid agus na Rialacha chun a chinntiú go bhfanfaidh siad freagrúil do chleachtais meán atá ag athrú agus d'ionchais an lucht féachana.